Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2010

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Gnáthleibhéal

## Réamhrá Ginearálta

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinn de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2003.
- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó Sármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.
- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharacála seo iomlán nó uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha eile a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil de réir a bhfiúntas.

## AONAD A hAON

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**CEIST 1.** *Marc*

**1 1 a)** ● **AN LEAS MORÁLTA** ● **CUSPÓIR NA BEATHA** **20**

*Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar smaointe Shócraitéas ar cheann amháin de na tuairimí atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharacála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar smaoineamh fealsúnach na seanGhréige trí eolas beacht a leagan amach ar smaointeoireacht Shócraitéas faoin leas morálta nó cuspóir na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An leas morálta – Agus an rud a chomhdhéanann an leas morálta á bhunú lorg Sócraitéas prionsabail uilíocha. Chreid sé nuair a d'aimseofá na dlíthe seo go mbeidís fíor i gcónaí don uile dhuine in am ar bith agus faoi chúinsí ar bith. Ba é a theagasc an uair a mbeadh a fhios ag daoine cad a bhí fíor agus maith go ndéanfaidís an rud a bhí fíor agus maith etc.
- Cuspóir na beatha– Do Shócraitéas, is é cuspóir na beatha pléisiúr agus sonas buan a bhaint amach trí shaol suáilceach a chaitheamh. Is féidir sonas a aimsiú sna rudaí sin a chuireann sonas buan an chine daonna chun cinn e.g. rinne Sócraitéas idirdhealú idir pléisiúr agus sonas ag baint úsáide as alcól mar shampla etc.
- Chreid Sócraitéas go gcaithfí aire a thabhairt don anam agus go raibh fáil na críonnachta lárnach i saol suáilceach a chaitheamh. Ba é sprioc agus cuspóir saol Shócraitéas daoine eile a thabhairt i dtreo na fírinne e.g. spreagann modh Shócraitéas daoine chun smaoineamh a dhéanamh iad féin etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20 |

**1 1 b) Mínigh cén fáth a raibh ceann amháin ar bith de smaointe Shócraitéas tábhachtach i bhforbairt na fealsúnachta.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar smaoineamh fealsúnach na seanGhréige trí chuntas beacht a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna a raibh ceann ar bith de smaointe Shócraitéas tábhachtach i bhforbairt na fealsúnachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhorbair roinnt mhaith fealsúnaithe modh Shócraitéas e.g. chonaic Hegel, níorbh ionann agus Sócraitéas, an ghluaiseacht i dtreo sintéise mar bhealach ina dtéann smaoineamh agus réalacht chun cinn etc. Dhírigh ceisteanna eiticiúla Shócraitéas ar Phlato agus ceisteanna meitifisiceacha á gcur aige e.g. d'fhorbair teoiric smaointe Plato smaoineamh Shócraitéas go bhfuil fírinní uilíocha ann etc.

- D'fhéadfadh gur spreag smaoineamh Shócraitéas gur chóir do dhaoine saolta suáilceacha a chaitheamh fealsúnaithe eile chun staidéar eitice a fhorbairt e.g. ba é teagasc Arastatail go bhfoghlaimíonn daoine cad is rud maith ann trí rud maith a dhéanamh etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20 |

**CEIST 2.**

**1 2 a)** ◆ **AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆ **AN tIOSLAMACHAS** ◆ **AN GIÚDACHAS** **10** *Grádaithe*

**Déan cur síos ar an tuiscint ar Dhia atá le fáil i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar thuiscint ar Dhia trí chuntas beacht a thabhairt ar an tuiscint ar Dhia atá le fáil i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Chríostaíocht* - Creideann Críostaithe nach bhfuil ach an t-aon Dia ann ach go bhfuil trí phearsa in aon Dia, Dia an t-athair, an Mac agus an Spiorad Naomh. Creideann Críostaithe uile gur trí Íosa Críost a ghlac Dia colainn daonna agus go sábháiltear daoine ón bpeaca. Sa Chríostaíocht tá Dia uile-chumhachtach agus geanúil. Déanann Dia cumarsáid leis an gcine daonna tríd an Spiorad Naomh etc.
- *An tIoslamachas* – Creideann lucht leanúna Ioslaim nach bhfuil ach an t-aon Dia ann Allah. Tá ról speisialta ag Muhammad in Ioslaim mar theachtaire Allah. Ta Allah uile-chumhachtach agus trócaireach. Tá nócha is a naoi 'ainm áilne' curtha ag lucht leanúna Ioslaim ar Allah (Atruach, Trócaireach, an Chéad agus an Ceann Deiridh, Bronntóir na Beatha etc.) Tuigtear go bhfuil Allah rúndiamhair. Éilíonn creideamh in Allah géilleadh agus umhlú iomlán do thoil Dé etc.
- *An Giúdachas* – Creideann a lucht leanúna nach bhfuil ach aon Dia amháin ann - Yahweh/YHWH. Sa Ghiúdachas is é Yahweh/YHWH cruthaitheoir agus foinse gach ní. Taispeántar sa Torah go bhfuil Yahweh/YHWH grámhar agus cóir. Feictear go bhfuil Yahweh/YHWH ag gníomhú thar ceann a mhuintire ag amanna áirithe agus le linn imeachtaí áirithe e.g. Eacsadas etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10 |

**1 2 b) Déan comparáid idir an tuiscint ar Dhia atá rianaithe i bpáirt a) thuas agus an tuiscint ar Dhia atá le fáil i mór-reiligiún domhanda amháin eile a bhfuil staidéar déanta agat air.** **15** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar thuiscint ar Dhia trí chuntas beacht a thabhairt ar phointe cosúlachta agus/nó difríochta idi an tuiscint ar Dhia atá rianaithe i bpáirt a) den cheist agus é sin atá ar fáil i gceann amháin eile de na mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta air mar chuid de shiollabas Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá an tuiscint ar Dhia sa Ghiúdachas difriúil ón tslí a thuigtear an diagaire sa Bhúdachas – e.g. creideann furmhór na mBúdaí go bhfuil diminsean den réaltacht a tharchéimníonn an rud fisiciúil amháin. Chuir an Búda in iúl go soiléir le linn a shaolré nárbh dia é. Cé nach gcreideann Búdaithe i neach tarchéimnitheach ann féin, tá traidisiúin áirithe den Bhúdachas ann a adhrann Búdaí agus Bodhisattvaí mar inchollaitheacht cháilíochtaí spioradálta síoraí ar nós atrua, críonnachta etc. a tharchéimníonn am agus spás e.g. Búdachas Mahayana etc.
- Tá an tuiscint ar Dhia sa Hiondúchas difriúil ón tuiscint aondiach ar Dhia in Ioslam e.g. is féidir déithe an Hiondúchais a fheiceáil mar léirithe ar an ardréaltacht amháin, Brahman. Cuireann na híomhánna de dhéithe Hiondúcha prionsabail chreideamh difriúil in iúl maidir le nádúr Brahman. Leagann Parvati, a fheictear ag marcaíocht ar thíogar agus siombail na cumhachta ina lámha aici, béim ar an bprionsabal go scriosfaidh sí an t-olc agus go ngcosnóidh sí daoine in am an ghátair. San Hiondúchas, is é Brahman an t-ard Dia, cruthaitheoir an domhain a léirítear ar fud chruthú an domhain etc.
- Is féidir leis an tuiscint ar Dhia i reiligiún amháin a bheith cosúil le nó difriúil ón tuiscint ar Dhia i reiligiún eile maidir leis an tábhacht a thugtar don tarchéimnitheacht/imeanacht e.g. cuireann an Chríostaíocht béim ar imeanacht agus ar tharchéimnitheacht Dé, cé go gcuireann Ioslam béim ar tharchéimnitheacht Dé etc.
- Tá an tuiscint faoin gcaoi a mbíonn léiriú ar Dhia sa Chríostaíocht agus sa Ghiúdachas ag teacht le chéile. Tuigeann an dá reilgiún go léirítear Dia tríd an stair. Ach ní thagann an dá reiligiún le chéile maidir le Íosa Nazórach etc. Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15 |

**1 2 c) Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a bhféadfadh iompar duine a bheith faoi thionchar na tuisceana a bheadh aige/aici ar Dhia.** **15** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar chaidreamh Dé le daoine trí eolas beacht a leagan amach ar shlí amháin a bhféadfadh iompar duine a bheith faoi thionchar na tuisceana a bheadh aige/aici ar Dhia.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir leis an tuiscint atá ag duine ar Dhia tionchar a bheith aige ar chód morálta duine. Má ta Dia uilechumhachtach, tá an chumhacht go maith. Má tá Dia síochánta, tá an foréigean mímhorálta etc.
- D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an íomhá a bhíonn ag daoine de Dhia ar a spreagadh chun gníomhú ar shlí áirithe e.g. féadfaidh íomhá de Dhia grámhar a thuigeann an chlaontacht dhaonna tarraingt ar dhuine gníomhú ar shlí grámhar agus maiteach etc.
- Is féidir le tuiscint duine ar Dhia tionchar a bheith aige ar an duine féin – tuiscint a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar iompar e.g. Búdaithe – léiríonn an t-ómós a thugtar do na Búdaithe agus do na bodhisattvaí sin a léiríonn cáilíochtaí mar atrua agus críonnacht tábhacht na gcáilíochtaí sin. Léiríonn sé an prionsabal go dtarchéimníonn na cáilíochtaí seo am agus spás etc.
- Is féidir le tuiscint duine ar Dhia tionchar a bheith aige ar phatrún an adhartha agus ar an gcineál adhartha a chleachtann duine. Léiríonn cleachtadh reiligiúnach a fhaightear sa mhisteachas rúndiamhair Dé etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15 |

**CEIST 3.**

**1 3 a) Mínigh cad is brí leis an téarma 'spioradáltacht'.** **10** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar an spioradálteacht sa chultúr comhaimseartha trí chuntas beacht a thabhairt ar bhrí an téarma 'spioradáltacht' mar dhearcaí, prionsabail nó gníomhartha a léiríonn feasacht ar an naofacht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Áirítear sa spioradáltacht na dearcaí agus na gníomhartha sin atá dírithe ar fhéin-chéimnitheacht a thugann brí agus ionracas don saol tríd an duine a shuíomh laistigh de scóip na naofachta etc.
- Áirítear sa spioradáltacht dearcadh spéise i gcruinneshamhail neamhábharaíoch a léiríonn feasacht ar an naofacht etc.
- Áirítear sa spioradáltacht páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí reiligiúnacha mar urnaí agus deasghnáth etc.
- Tóraíocht ar rudaí a bhaineann leis an spiorad lena n-áirítear mian na féinchéimnitheachta trí rudaí ar nós eolais, grá agus taithí reiligiúnach chun na cumais is doimhne ag daoine a chomhlíonadh etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10 |

**1 3 b) Tabhair breac-chuntas ar shampla amháin den tslí inar féidir spéis sa spioradáltacht a fheiceáil i sochaí an lae inniu.** **15** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar an spioradáltacht sa chultúr comhaimseartha trí eolas beacht a leagan síos ar shampla amháin den tslí in ar féidir spéis sa spioradáltacht a fheiceáil i sochaí an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Spéis san ióga agus sa mhachnamh a bhfuil a gcuid préamhacha acu i reiligiúin ón Oirthear etc.
- Spéis in oilithreacht reiligiúnach e.g. líon na ndaoine a ghlacann páirt san oilithreacht go Cruach Phádraig ar Dhomhnach na Cruaiche etc.
- Baineann daoine úsáid as deasghnátha reiligiúnacha chun eochairmhóimintí ina saol a chomóradh etc.
- Spéis sna cineálacha difriúla den bheatha reiligiúnach e.g. Pobal Taizé etc.
- Spéis ina bheith bainteach le rud chun cuidiú le daoine nach bhfuil chomh hámharach ar nós dul ag obair le Trócaire etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15 |

**1 3 c) Mínigh cúis amháin a léiríonn daoine i sochaí an lae inniu spéis sa spioradáltacht.** **15** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar an spioradáltacht sa chultúr comhaimseartha trí chuntas beacht a thabhairt ar chúis amháin a léiríonn daoine spéis sa spioradáltacht i sochaí an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Diminsean na doimhneachta san eiseadh daonna uile e.g. Déanann daoine sa lá atá inniu ann a ndícheall chun sonas a bhaint amach, cuardaíonn siad brí sa bheatha etc.
- Is féidir cumas na féinchéimnitheachta trí thuiscint ar iontas agus ar rúndiamhair an duine a fheiceáil san ealaín, sa litríocht, i gceol etc.
- Is féidir leis an spioradáltacht cuidiú le daoine nuair a tharlaíonn rudaí dóibh sa saol a thugann a ndúshlán e.g. méala etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15 |

## AONAD A DÓ

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**2 B a) Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann de na saintréithe a bhaineann le Ríocht Dé de réir mar a chuir Íosa in iúl dá lucht leanúna iad ina chuid seanmóirí.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar theagasc Íosa ar Ríocht Dé trí eolas beacht a leagan amach ar dhá cheann de shaintréithe Ríocht Dé mar a chuir Íosa in iúl iad.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An tsíochán mar mhalairt ar an bhforéigean* – Is é fócas an mhisin a fhaigheann Íosa ón Athair ná síochán Dé a chur i réim ar domhan i.e. coincheap Giúdach Shalom a chiallaíonn foirfeacht lánsástachta ar chuile shlí e.g. Maitiú 5:9; 7:9-10; Lúcás 11:11-12 etc.
- *An cuimsiú mar mhalairt ar theacht chun cinn scothaicmí* – Is toisc go mbíonn taithí ag Íosa féin ar ghnéithe fuascailte, atruacha, trócaireacha agus cothaitheacha an ('Abba') go dtéann sé amach go dtí na bochtáin, na ndobrónach, na n-ocrach e.g. Maitiú 9:12; 22:1-14; Lúcás 14:15-24 etc.
- *Roinnt earraí mar mhalairt ar chruinniú stóir* – Tá sé ceaptha go mbeadh an gaol le Dia mar pháiste os comhair Athar ghrámhair, Dia á chur chun tosaigh i saol duine agus éilimh raidiceacha Íosa á leanúint e.g. Maitiú 6:1-8, 25-34;
  7: 7-11 etc.
- *Dia na ndaoine beagchumhachtacha mar mhalairt ar Dhia a chothaíonn neamhionannas* – Sa phobal nua a thosaíonn le hÍosa, is gaol frithpháirteachais agus cothroime an gaol idir fir agus mná e.g. Eoin 13:14; Eoin 13:35 etc.
- *Ba áit í Ríocht Dé in ar tugadh grá don namhaid* – Léiríonn parabal an tSamáraigh Mhaith i (Lúcás 10:29-37) go bhfuil Ríocht Dé uilechuimsitheach etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x2 |

**2 B b)**

| ● | ● | ● | ● | ● |
|---|---|---|---|---|
| **Céli Dé** | **Gluaiseacht Shoiscéalach an Phrotastúnachais i dTús na 19ú hAoise** | **Diagacht na Fuascailte** | **Leasuithe Luther** | **Dara Comhairle na Vatacáine** |

**30** *Grádaithe*

**Déan cur síos ar conas a chuir ceann amháin de na gluaiseachtaí thuas rompu leanúint de mhisean Íosa.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth cumas móimintí leasaithe agus oiriúnaithe sa traidisiún Críostaí a aithint trí chuntas beacht a thabhairt ar an bpróiseas in ar chuir ceann de na gluaiseachtaí atá liostaithe thuas sa cheist rompu leanúint de mhisean Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Chuir *Céli Dé* roimhe leanúint de mhisean Íosa sa mhéid is gur lorg sé athnuachan ar thraidisiún aiséitiúil bunaithe ar Bhriathar Dé agus ar dheabhóid do na naoimh. Measadh go raibh Soiscéal Naomh Eoin agus éipistil Naomh Pól an-tábhachtach. Ba é an lársprioc an saol a bhunú go hiomlán ar lárnacht agus ar fhorlámhas Dé. Bhí leasaitheoirí tiomanta do mhodh maireachtála Críostaí sainniúil, ionchollaithe ina móideanna bochtaineachta agus geanmhaíochta etc.
- Chuir *Gluaiseacht Shoiscéalach an Phrotastúnachais i dtús na 19ú hAoise* roimhe leanúint de mhisean Íosa, in a mian chun briathar Dé a chraobhscaoileadh agus ríocht Dé ar domhan a thógáil. Thug sé ar dhaoine taisteal thar lear agus ar dhaoine eile iad féin a thiomnú do leasú sóisialta mar léiriú ar Ríocht Dé etc.
- Chuir *Diagacht na Fuascailte* roimhe leanúint de mhisean Íosa trí obair a dhéanamh chun an tsochaí a athrú ó bhun sa tslí go bhféadfadh an uile dhuine maireachtáil faoi dhínit agus faoi shaoirse. Deir Diagacht na Fuascailte gur teachtaireacht fhuascailte é teachtaireacht an tSoiscéil agus gurb é Íosa an mórfhuascailteoir etc.
- Chuir *Martin Luther* roimhe leanúint de mhisean Íosa trí iarracht a dhéanamh tabhairt ar dhaoine maireachtáil mar a rinne Íosa. Tháinig roinnt mhaith leasaitheoirí eile i ndiaidh Luther a chreid go raibh a nasc le fís Íosa Nazórach caillte ag an Eaglais. D'oibrigh na leasaitheoirí seo chun an nasc sin a athbhunú sa tslí go mbeadh Críostaithe dílis do mhisean Íosa etc.
- Chuir *Dara Comhairle na Vatacáine* roimhe leanúint de mhisean Íosa agus iad ag iarraidh fís bhunaidh na Críostaíochta a athbhunú le linn dóibh a hábharthacht don domhan nua-aimseartha a léiriú. Chuir sé teachtaireacht Chríost mar theachtaireacht dóchais i lár an teagaisc Chaitlicigh Rómhánaigh etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | Lag | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

**2 B c) Déan iniúchadh ar an tslí a ndéanann na baill de shainaicme Chríostaí amháin iarracht leanúint de mhisean Íosa ina gcuid oibre.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth feasacht chriticiúil ar phobal Críostaí ag féachaint do theachtaireacht bhunaidh Íosa trí bhreathnú go grinn ar an tslí a ndéanann baill de shainaicme Chríostaí amháin iarracht leanúint de mhisean Íosa ina gcuid oibre i saol an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Oibríonn sainaicmí Críostaí le Comhairle Éireannach na nEaglaisí agus iad ag freagairt don fhoréigean nó don éadfhulaingt nó don seicteachas toisc gurb é misean Íosa an tsíocháin a chur chun cinn mar mhalairt ar fhoréigean etc.
- Leanann 'misin chathracha' den Eaglais Mhodhach in Éirinn de mhisean Íosa agus cuimsiú á chur chun cinn acu mar mhalairt ar theacht chun cinn sainaicmí etc.
- Leanann 'Ionad Dídeanaithe Uinseannach' na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí i mBaile Phib i mBaile Átha Cliath de mhisean Íosa trí obair a dhéanamh chun sochaí chóir agus chuimsitheach a chruthú etc.
- Oibríonn sainaicmí Críostaí trí Trócaire agus Christian Aid i dtíortha atá i mbéal forbartha ag éirí as misean Íosa earraí a roinnt mar mhalairt ar chruinniú stóir etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* I gcás go mbreathnaíonn iarrthóir go grinn ar an tslí a ndéanann grúpa nach bhfuil bainteach le sainaicme Críostaí iarracht leanúint de mhisean Íosa sa lá atá inniu ann – Téigh i gComhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**2 C a) Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann de na príomhthréithe den reiligiún príomha.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint go bhfuil creideamh ársa, éagsúil agus dinimiciúil trí eolas beacht a leagan amach ar dhá cheann de thréithe den reiligiún príomha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ciallaíonn príomha an chéad cheann, an ceann bunaidh. Téann reiligiún príomha siar go dtí na traidisiúin sin a tháinig chun cinn nuair a bhraith muintir treibhe ar an talamh agus ar fhórsaí an nádúir. Ar na príomhghnéithe atá i gcoiteannas ag reiligiúin phríomha tá cruinneshamhail réamhtheicneolaíochta; easpa teorainneacha dochta idir diminsin spioradálta agus saolta; úsáid chanóna béil in áit scríofa; achtachán miostais i ndeasghnáth etc.
- Ar na coincheapa agus na feiminéin atá bainteach le reiligiún príomha tá –
  - Mana – Tá cumhacht an mana, a thagann ó ghaol le déithe agus le sinsir, leabaithe i ndaoine, in áiteanna nó i rudaí áirithe e.g. bíonn mana a bpobail inchollaithe i dtaoisigh threibhe etc.
  - Seaman – Duine a fhaigheann tíolacthaí le hoidhreacht óna shinsir nó a sinsir le bheith ina idirghabhálaí beo idir an daonnacht agus na spioraid a chónaíonn sa chosmas e.g. ceannairí spioradálta a bhfuil ról leighis agus/nó fáidhiúla acu etc.
  - Tabu – Aon duine, rud nó áit atá coinnithe 'ar leithleigh' chun bealach a thabhairt do chumhacht an domhain spioradálta e.g. tá rudaí agus gníomhaíochtaí áirithe, ag eascairt as a nádúr naofa, curtha ar leataobh do bhaill shainiúla an ghrúpa agus atá coiscthe ar chuid eile etc.
  - Tótam – Rud éigin sa nádúr atá ina shiombail ar eisint spioradálta duine nó grúpa e.g. nuair a ainmnítear grúpaí laistigh de threabh ó thótam ceanglaíonn sé iad lena sinsir spioradálta etc.
  - Etc.

*Tabhair ar aird:* I gcás go léiríonn iarrthoir tuiscint go bhfuil creideamh reiligiúnach ársa, éagsúil agus dinimiciúil ach go dteipeann orthu eolas a leagan amach ar dhá shainthréith de reiligiún príomha – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.
(x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna 20* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10Mx2 |

**2 C b) Déan cur síos ar shampla amháin den tslí a bhfuil tionchar an reiligiúin phríomha le feiceáil ar mhór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint go bhfuil creideamh ársa, éagsúil agus dinimiciúil trí chuntas beacht a thabhairt ar shampla amháin de thionchar an reiligiúin phríomha ar mhór-reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- I reiligiúin phríomha e.g. sa tSeanGhréig, rialaigh déithe áirithe codanna sainiúla den nádúr – an bháisteach, na barraí, agus toirneach. San Hiondúchas sa lá atá inniu ann tá Déithe áirithe (mar léirithe ar Bhrahman) bainteach le gnéithe difiriúla den saol etc.
- Bhí cruinneshamhail réamhtheicneolaíochta ag reiligiúin phríomha e.g. tá meas ag an traidisiún Giúd-Chríostaí ar scéal chruthú an domhain Gheineasas mar scéal diagach in áit scéal eolaíochta etc.
- Bhain reiligiúin phríomha úsáid as íobairt i ndeasghnáth. Sa lá atá inniu i reiligiúin na hAfraice baintear úsáid as earraí bia, ainmhithe, éanlaith, etc. i ndeasghnátha éagsúla etc.
- Sa Chríostaíocht in Éirinn is féidir tionchar reiligiúin phríomha a fheiceáil in oiriúnú a rinne Naomh Pádraig ar chleachtaí réamhChríostaíochta a ndearna sé ceiliúradh ar an gcreideamh Críostaí astu e.g. Tobair Bheannaithe, oilithreacht Chruach Phádraig etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

**2 C c)** ◆ **An Búdachas** ◆ **An Hiondúchas** ◆ **An tIoslamachas** **30** *Grádaithe*

**Déan comparáid idir an tslí a ndéantar an bhreith/an tionscnamh a cheiliúradh i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas agus an tslí a ndéantar é a cheiliúradh sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar phríomhghnéithe dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda trí chuntas beacht a thabhairt ar phointe cosúlachta agus/nó difríochta sa tslí a ndéantar an bhreith/an tionscnamh a cheiliúradh i searmanas reiligiúnach in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Cosúlachtaí* -

- Féadfaidh reiligiúin a bheith cosúil lena chéile agus an bhreith/an tionscnamh á cheiliúradh sa tslí go mbíonn an deasghnáth ar siúl in ionad adhartha e.g. an Giúdachas – bíonn searmanas sa tsionagóg chun Bar Mitzvah a cheiliúradh. Sa Bhúdachas is féidir naíonán a thabhairt chuig an teampall, lena bhreith/a breith a cheiliúradh etc.
- Féadfaidh reiligiúin a bheith cosúil lena chéile sa tslí go mbíonn uainiú searmanais dá leithéid sonraithe e.g. sa Hiondúchas – bíonn an searmanas ainmiúcháin ann dhá lá déag tar éis na breithe; sa Ghiúdachas – bíonn Brit Milah ann ar an ochtú lá tar éis na breithe etc.
- Féadfaidh reiligiúin a bheith cosúil lena chéile sna siombóil a úsáidtear – is féidir coinnle agus uisce a úsáid mar shiombailí le linn searmanais a cheiliúrann an bhreith e.g. sa Bhúdachas - coinnle chéarach agus uisce; sa Chríostaíocht – Coinneal bhaiste agus uisce etc.
- Etc.

*Difríochtaí* -

- Cé go bhféadfadh go mbeadh na siombailí a úsáidtear cosúil le chéile féadfaidh an bhrí a thugtar dóibh a bheith difriúil eg. sa Bhúdachas – Is siombail í gníomh deasghnách an chéir leáite á scaoileadh isteach i mbabhla uisce den aontas idir tine, aer agus uisce agus den dóchas go mbeidh síth den chineál céanna i saol an pháiste. Sa Chríostaíocht is siombail í an choinneal agus an t-uisce de shaol nua anois go 'gcónaíonn' an duine a baisteadh 'le Críost' etc.
- Féadfaidh difríochtaí a bheith ann i reiligiúin faoin ról a thugtar do thuismitheoirí agus don phobal níos leithne e.g. sa Hiondúchas – tumann an t-athair peann óir i mil agus scríobhann an siolla naofa 'Aum' ar theanga an linbh. Is é dóchas an teaghlaigh go bhfásfaidh an páiste seo agus go n-inseoidh sé an fhírinne atá milis ar aon dul leis an mil. Sa Chríostaíocht nuair a bhaistear duine ainmníonn na tuismitheoirí beirt a fheidhmeoidh mar athair agus mar mháthair baiste etc.
- Tá difríochtaí sa tslí a chaitheann reiligiúin dhifriúla le breith/tionscnamh cailíní. Sa Chríostaíocht is ionann na searmanais agus na hoibleagáidí do bhuachailí agus do chailíní. San Ioslaim déantar buachaillí a thimpeallghearradh etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**2 D a) Tabhair breac-chuntas ar phointe amháin a bhí ag Íosa ina chuid seanmóirí faoin gcoincheap 'an gaol cóir'.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar theagasc eiticiúil Íosa trí eolas beacht a leagan amach ar cheann de na príomhsmaointe a bhí ag Íosa ina chuid seanmóirí faoin 'ngaol cóir'.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Agus cinntí morálta á ndéanamh is é an cur chuige a nglactar leis go bhfuil rud éigin go maith má chumasaíonn sé an duine chun cónaí i ngaol cóir le daoine eile, le cruthú an domhain, le Dia etc.
- Déanann Íosa achoimre ar an Dlí sa tSeanmóir ar an Sliabh: 'nithe ar bith ab áil libh daoine eile a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh: sin é an dlí agus na fáithe' (Maitiú 7:12). Is bealach difriúil é seo le rá 'Gráigí do chomharsa mar a ghránn tú tú féin' etc.
- Thug Íosa cuireadh dá lucht leanúna dul i bpáirt leis agus saol a chaitheamh le grá Dé laistigh den phobal daonna. Gheall sé dá gcaithfí saol grá go gcuirfí Réimeas Dé i gcríoch i ndeireadh na dála – riocht sin an ionracais, an cheartais agus na síochána a raibh daoine ag tnúthán leis i gcónaí etc.
- Labhair Íosa go minic faoi thorthaí nó léirithe an ghrá: seirbhís do dhaoine eile, atrua, maithiúnas agus athmuintearas e.g. Maitiú 25:31-36 etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20 |

**2 D b) Mínigh dhá chúis a bhfuil seanmóirí Íosa faoin 'ngaol cóir' tábhachtach do Chríostaithe sa lá atá inniu ann.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar theagasc eiticiúil Íosa trí dhá chúis bheachta a thabhairt a mhíníonn tábhacht seanmóirí Íosa faoin 'ngaol cóir' do Chríostaithe sa lá atá inniu ann.

*Pointi a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Léiríonn seanmóirí Íosa faoin 'ngaol cóir' do Chríostaithe nach féidir grá Dé a scaradh ó ghrá na comharsan etc.
- D'fhéádfadh seanmóirí Íosa faoin 'ngaol cóir' duine a threorú agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart nó mícheart faoin tslí a mbíonn caidreamh acu lena chéile e.g. ag freagairt do riachtanais na n-ocrach, na ndaoine a bhfuil tart orthu, atá uaigneach, nocht, tinn, i bpríosún, lucht iarrtha tearmainn, daoine sa domhan atá i mbéal forbartha etc.
- Tá seanmóirí Íosa faoin 'ngaol cóir' tábhachtach do Chríostaithe sa lá atá inniu ann mar go léiríonn sé gur chuid de dhualgas an Chríostaí í an mhaoirseacht – cúram a dhéanamh den domhan etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna 30* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15M x2 |

**2 D c) Bíonn smaointe difriúla sna teoiricí/fealsúnachtaí morálta faoi conas cinneadh a dhéanamh cad é atá ceart agus cad é atá mícheart i suíomh ar leith –** **30** *Grádaithe*

**• AN EITIC DHUALEOLAÍOCHTA • AN HÉADÓNACHAS • AN DLÍ NÁDÚRTHA**
**• AN EITIC THEILEOLAÍOCH • AN FÓNTACHAS • EITIC NA SUÁILCÍ**

**Tabhair breac-chuntas ar an gcur chuige atá ag dhá cheann de na teoiricí / fealsúnachtaí morálta atá liostaithe thuas lena chinneadh cad é ata ceart agus cad é atá mícheart.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar theoiricí morálta éagsúla trí eolas beacht a leagan amach ar an gcur chuige faoi conas cinneadh a dhéanamh cad é atá ceart agus mícheart in dhá cheann de na teoiricí/fealsúnachtaí morálta atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Eitic Dualeolaíochta* – Is é an cur chuige a bhíonn ann agus cinntí morálta á ndéanamh go leagan an dlí nó cód iompair síos cad atá maith agus fíor i ngach uile chás. Ar an mbonn sin tá dualgas ar dhaoine seasamh leis an dlí/cód etc.
- *An Héadónachas* – Breathnaíonn ar thóir phléisiúr an duine féin mar chuspóir ceart gach uile ghnímh. Agus cinntí morálta á ndéanamh is é pé gníomh a mbíonn an toradh is pléisiúrtha air an cinneadh atá maith nó atá ceart etc.
- *An Dlí Nádúrtha* – Deir sé gur féidir teacht ar an rud atá ceart trí úsáid a bhaint as an réasún le machnamh a dhéanamh ar an nádúr (an nádúr daonna san áireamh). Agus cinntí morálta á ndéanamh is féidir le duine idirdhealú a dhéanamh idir an rud atá ceart agus an rud atá mícheart trí mhachnamh ar an nádúr etc.
- *An Eitic Theileolaíoch* – Dearbhaíonn go bhfuil rud éigin maith má chuidíonn sé le duine gluaiseacht i dtreo a chuspóra/a cuspóra nó a chríche/críche deiridh. Agus cinntí morálta á ndéanamh meastar go bhfuil gníomh ceart nó mícheart i dtaca lena iarmhairtí etc.
- *An Fóntachas* – Dearbhaíon go dtugann an rud atá maith an sonas is mó don líon is mo daoine. Agus cinntí morálta á ndéanamh is é an rud atá ceart i gcás ar bith ná pé réim gnímh a mbeidh an mhaith is mó don líon is mó mar thoradh air etc.
- *Eitic na Suáilcí* – Dearbhaíonn má chaitheann duine saol maith sa mhéid is go ndéanann sé/sí iarracht saol a chaitheamh ar shlí suáilceach. Agus cinntí mórálta á ndéanamh cuidíonn an rud atá ceart i gcás le duine saol suáilceach a chaitheamh etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

## AONAD A TRÍ

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**3 F a)** ***Cuireann fís reiligiúnach na síochána ceangal ar dhuine tabhairt faoi chúiseanna an fhoréigin.*** **30** *Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar an tsíocháin atá le fáil sa teagasc i mór-reiligiún domhanda amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an bhforéigean agus ar an tsíocháin trí eolas beacht a leagan amach ar an tuiscint ar an tsíocháin atá le fáil i dteagasc i mór-reiligiún domhanda amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- *An traidisiún Giúd-Chríostaí*: Tá Dia cóir agus is ceart dóibh siúd atá i gcúnant le Dia maireachtáil go cóir; bíonn dámh ag Dia leis an gcine daonna le hatrua, le trócaire agus le cineáltas grámhar etc. Tháinig 'Teoiric an Chogaidh Chóir' chun cinn ón bprionsabal gur réamhriachtanas na síochána é an ceartas etc.
- *Ioslam* – Tá áit ar leith ag an gcine daonna i scéim Dé i.e. iarrtar air breathnú i ndiaidh chruthú an domhain i gcomhar leis an Tiarna cruthaitheoir. Tá an tsíochán lárnach in Ioslam. Tá coincheap an chogaidh chóir ag Ioslam freisin – mar fhéinchosaint agus chun lucht leanúna Ioslaim atá faoi leatrom a chosaint. Leagann an Qur'an amach rialacha faoin tslí ar chóir cogadh a fhearadh sa tslí go dtugtar cosaint dóibh siúd atá neamhchiontach agus go gcaitear leis an uile dhuine go cóir etc.
- *An Hiondúchas* – Áitíonn Ahimsa ar Hiondúigh 'gan aon fhoiréigean a dhéanamh'. Ionannaíon an Bhagavad Gita fearg, uabhar, sotal, cruálacht, marú námhad agus fuath le cáilíochtaí deamhnachta mar chontráracht ar na cáilíochtaí diagacha den neamhdhíobhálachas, easpa feirge, an tsíochán, atrua, maithiúnas agus easpa mailíse. Ach tá sainaicme gaiscíoch san Hiondúchas agus tá rialacha ann faoi conas cogadh a fhearadh ar bhealach cóir etc.
- *An Búdachas* – Áitíonn na chéad chúig fhoraithne den Bhúda ar lucht leanúna staonadh ó neacha beo a mharú. Dar leis an bhfealsúnacht Bhúdach tá an bheatha go léir luachmhar agus tá an bheatha uile nasctha le chéile. Éilíonn an t-ómós seo don bheath ní hamháin staonadh ó aon bheatha a mharú ach cosaint agus cúram na beatha freisin. Is féidir le manaigh ealaíona oscartha a chleachtadh don fhéinchosaint ach ní le duine eile a mharú ar uair ar bith etc. Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

**3 F b) i.** • **An neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála** • **An neamhfhoréigean mar shlí agóide** **20** *Grádaithe*

**Deán cur síos ar an rud atá i gceist i ngach ceann de na foirmeacha neamhfhoréigin atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an bhforéigean trí eolas beacht a leagan amach ar an rud atá i gceist sa neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála agus an neamhfhoiréigean mar shlí agóide.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *Neamhfhoréigean mar shlí agóide* – ciallaíonn sé sin agóid a dhéanamh in aghaidh staid atá míchóir ach caithfear an rud a dhéanfar a dhéanamh go síochánta. Tá gníomhartha síochánta an lucht agóide ceaptha cirte a gcúise a léiriú *e.g.* slógadh ag déanamh agóide go síochánta in aghaidh fiachais i dtíortha i mbéal forbartha nó ag eagrú achainí in aghaidh chogaidh etc.
- *Neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála* – is modh maireachtála é a thugann le fios comhtháthú domhain an 'neamhfhoréigin' i bhfealsúnacht bheatha an duine. Áirítear ar samplaí den stíl mhaireachtála seo: An tSeict Amanach; Iarrachtaí Gordon Wilson chun síocháin agus athmhuintearas a thabhairt go Tuaisceart Éireann etc.
- Féadfaidh neamhfhoréigean mar shlí mhaireachtála agus neamhfhoréigean mar shlí agóide dul thar a chéile e.g. Oscar Romero a bhí ina easpag ar El Salvador. Tháinig a stíl mhaireachtála síochánta chun a bheith ina agóid in aghaidh an fhoréigin agus an éagóra a chonaic sé agus é ag iarraidh cabhrú le muintir El Salvador a bhí faoi leatrom etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna 20* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x2 |

**3 F b) ii. Scrúdaigh ról an neamhfhoréigin mar stíl mhaireachtála *nó* ról an neamhfhoréigin mar shlí agóide agus síocháin á déanamh in ócáid fhoréigneach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar phróiseas an réitigh coinbhleachta trí bhreathnú go grinn ar ról an neamhfhoréigin mar shlí mhaireachtála nó ról an neamhfhoréigin mar shlí agóide agus iarracht an tsíocháin a thabhairt i gcrích in ócáid fhoréigneach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tagraíonn réiteach coinbhleachta don phróiseas chun réiteach buan a fháil ar agóid trí aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar riachtanais an dá thaoibh chun a sástachta araon. Tógann sé am agus fuinneamh agus bíonn siad seo a leanas i gceist: ómós don duine; idirphlé, dearbhú dearcadh a chéile; díriú ar an bhfadhb, ní ar an duine; toilteanas seasamh an duine eile ar an ábhar atá á phlé a chur san áireamh agus cuardach comhaontaithe a rachaidh chun leasa an dá pháirtí etc.
- *An neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála e.g.* Is féidir le stíl mhaireachtála neamhfhoréigneach an Dalai Lama cuidiú chun an tsíocháin a chur i gcrích toisc go bhfuil meas ag daoine ar a mhacántacht etc.
- *An neamhfhoréigean mar shlí agóide e.g.* d'oibrigh Martin Luther King chun leatrom ciníoch a shárú trí agóidí síochánta a thionól. Níorbh fhada gur thosaigh a lán daoine ag leanúint a theagaisc agus ag glacadh páirte in agóidí síochánta, a raibh imeascadh ciníocha mar thoradh air etc.
- Is féidir neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála a cheangal le neamhfhoréigean mar shlí agóide mar ar tharla i gcás Mahatma Ghandi. Ghlac sé le prionsabal reiligiúnach Ahimsa (gan aon dochar a dhéanamh) agus d'iompaigh ina uirlis neamhfhoréigneach é don ollghníomh. D'úsáid sé é le hoibriú ní hamháin in aghaidh na rialach cóiliní ach in aghaidh leithcheala agus an aosa seachanta etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30 |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**3 G a) Tabhair breac-chuntas ar an mbunús a bhí ag pobal rinnfheithimh amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar nádúr an eispéiris reiligiúnaigh agus meas ar thábhacht na hurnaí i saolta daoine a bhfuil creideamh acu trí eolas beacht a leagan síos ar bhunús traidisiún rinnfheithimh arbh iad is príomhthréithe ann socracht, aonaracht, ciúnas agus urnaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is cineál urnaí é an rinnfheitheamh a bhfuil glanadh amach gach smaoineamh as aigne an duine i gceist ann le go mbeidh feasacht iomlán aige ar an Diagacht. Úsáidtear é mar fhoirm urnaí sa lá atá inniu ann mar -
  - Airíonn daoine gur ghá cuid d'éilimh an domhain nua-aimseartha a fhágail ina ndiaidh agus is féidir leis an eispéireas fisiciúil na céadfaí a mhealladh etc.
  - Is féidir leis cuidiú le duine ionsparáid, cruthaitheacht agus athghiniúint a bhrath etc.
- D'airigh manaigh sna meánaoiseanna go raibh sé riachtanach cúlú go dtí an clabhstra chun gabháil don urnaí ciúin, i bhfad ó ghníomhaíochtaí laethúla, chun machnamh agus urnaí a dhéanamh etc.
- Díthreabhacht – *Bunús:* Faoi dheireadh an tríú céad iad siúd a raibh uathu gabháil do shaol an rinnfheithimh, scartha amach ó gach ábhar seachráin, bhog siad go dtí an fásach chun cónaí leo féin. Ba ghné shuntasach den Chríostaíocht cheilteach í díthreabhacht freisin e.g. suíomhanna díthreabhachta etc.
- Oilithreacht – *Bunús:* Is aistir iad oilithreachtaí go dtí áit a bhfuil baint aici le duine nó le heachtra a bhfuil tábhacht reiligiúnach léi. Meastar go bhfuil Dia i láthair ar shlí speisialta ag an suíomh agus go bhfreagraíonn sé d'urnaithe molta agus achainí etc.
- Poustinia – *Bunús:* Is é Poustinia an focal Rúiseach ar 'dhíseart'. Tá bunús an chleachtaidh sa Mheánoirthear áit ar thosaigh an cleachtadh bogadh go dtí an díseart/fásach chun saol rinnfheithimh a chaitheamh, ag maireachtáil go haonaránach, scartha amach ó gach seachrán etc.
- Cúrsa spioradálta – *Bunús:* Is tréimhse scartha amach ó ghnáthamh agus ó ghnáthghníomhaíocht í cúrsa spioradálta chun díriú ar spioradáltacht, ar urnaí agus ar mhachnamh. Is féidir é le duine éseo a dhéanamh ina aonair nó le daoine eile. Is tréimhse theoranta é cúrsa spioradálta, scartha amach ó ghnáthamh agus ó ghnáthghníomhaíochtaí chun díriú ar spioradáltacht, ar urnaí agus ar mhachnamh etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | *40* |

**3 G b) Deán cur síos ar sampla amháin den tslí a n-úsáideann na baill de mhór-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air an rinnfheitheamh mar mhodh adhartha sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar thraidisiún na hurnaí agus an adhartha trí chuntas beacht a thabhairt ar shampla amháin den tslí a n-úsáideann baill de mhór-reiligiún domhanda an rinnfheitheamh mar mhodh adhartha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- *Díthreabhacht* –Lorgaíonn díthreabh Dia san aonarachas. Is sampla sa lá atá inniu ann na díthreabhachtaí a thóg siúracha as mainistir Naomh Aodán i bhFearna, Contae Loch Garman. Bíonn siad seo ar fáil do dhaoine ar mhaith leo roinnt aonarachta agus machnaimh spioradálta etc.
- *Oilithreacht* – D'fhéadfadh gurb é an spreagadh don oilithreacht fábhar diaga a lorg, aithrí a dhéanamh nó go ndéanfaí mar bhuíochas í. Is ionad oilithreachta é Cruach Phádraig do Chríostaithe in Éirinn etc.
- Poustinia – is léiriú ar dhíthreabhacht é. D'fhorbair Catherine de Hueck Doherty an traidisiún i suíomh nua-aimseartha trí chóiríocht shimplí a chur ar fáil do dhaoine ar mhaith leo poustinia a chleachtadh etc.
- *Cúrsa Spioradálta* – tugtar an deis do dhaoine rinnfheitheamh a chleachtadh ar chúrsa spioradálta chun go ndéanfaidh an t-eispéireas seo athnuachan orthu i láthair Dé. Tá roinnt lárionad Búdacha do chursaí spioradálta in Éirinn etc.
- Tairgíonn Pobal Taizé an deis do dhaoine saol oird rinnfheithimh a roinnt ar feadh tréimhse ama. Caitheann cuairteoiri chuig Taizé seachtain ann de ghnáth. Téann siad i bpáirt leis na manaí don urnaí, don mhachnamh agus don phlé etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | *40* |

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**3 I a) Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin ina bhfuil an patrún den chleachtadh reiligiúnach in Éirinn an lae inniu difriúil leis an bpatrún den chleachtadh reiligiúnach a bhí le feiceáil anseo san am atá thart.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar phatrún athraíoch an chreidimh reiligiúnaigh in Éirin sa lá atá inniu ann trí eolas beacht a chur síos ar shlí amháin ina bhfuil an patrún den chleachtadh reiligiúnach in Éirinn an lae inniu difriúil leis an bpatrún den chleachtadh reiligiúnach a bhí le feiceáil in Éirinn san am atá caite.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Spéis bhreisithe sa diagacht, sa spioradáltacht Cheilteach etc.
- Suirbhéanna e.g. Suirbhé vótála Red C (2008); léiríonn Y2K etc. go bhfuil líon na gCríostaithe gníomhacha tiomanta tar éis dul i laghad, agus freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha faoin dtuath níos airde ná iad sin i gceantair uirbeacha. Ina dhiaidh sin tá rátaí creidimh agus cleachtaidh reiligiúnaigh níos airde in Éirinn i gcónaí ná in áiteanna eile san Eoraip etc.
- Tá éagsúlacht níos mó sna reiligiúin atá in Éirinn liostaithe anois i ndaonáireamh 2006 etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

**3 I b) Déan comparáid idir an tslí ina gcleachtar an creideamh reiligiúnach in Éirinn sa lá inniu agus an patrún den chleachtadh reiligiúnach in áit eile san Eoraip.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar phatrún den chleachtadh reiligiúnach in Éirinn agus san Eoraip sa lá atá inniu ann trí chuntas beacht a thabhairt ar phointe cosúlachta agus/nó difríochta idir patrúin den chleachtadh reiligiúnach in Éirinn agus in áit eile san Eoraip sa lá inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Úsáideann daoine in Éirinn agus ar fud na hEorpa deasghnátha reiligiúnacha i gcónaí chun eochairmhóimintí sa saol a cheiliúradh etc.
- Déantar creideamh a chleachtadh in Éirinn ar shlite atá cosúil leis na cinn i dtíortha eile a bhain le Caitlicigh Rómhánacha go traidisiúnta e.g. bhí rátaí an-ard creideamh i nDia ag Éirinn, ag an bPolainn agus ag Málta - EVS (1999-2000) etc.
- Tá Éire difriúil ó iarthíortha cumannacha ó thaobh rátaí comhcheangal reiligiúnach de e.g. 1999 - 2000 bhí ráta dícheangail breis agus 60% ag Poblacht na Seice. Bhí ráta 9% ag Éirinn (EVS) etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**3 J a)** ***Tá a lán i bpáirt ag an reiligiún agus an eolaíocht.*** **20** *Grádaithe*

**Deán cur síos ar dhá chosúlacht idir an reiligiún agus an eolaíocht.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar na ceangail idir fiontair eolaíochta agus diagachta trí chuntas beacht a thabhairt ar dhá chosúlacht idir an reiligiún agus an eolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ar na ceisteanna i gcoiteannas ag an eolaíocht agus an reiligiún áirítear:
  - Ceisteanna faoi bhunús/tús – cosmeolaíocht (staidéar ar bhunús agus ar struchtúr éabhlóidithe na cruinne ábharaí, conas ar thosaigh sé go léir agus cad a tharlóidh di sa todhchaí) agus teagasc chruthú an domhain (labhrann ar an gcruinne mar chruthú Dé agus a spleáchas leanúnach air dá beithsine) etc.
  - Ceisteanna faoi chlabhsúir/chríocha – a bhfuil in ann don domhan nádúrtha agus don eascaiteolaíocht (teagasc reiligiúnach ar thodhchaí an domhain agus plean Dé don rud deiridh atá i ndán don duine) etc.
- Bíonn eolaíocht agus reiligiún ag streachailt de shíor in aghaidh an chathaithe i dtreo an bhunchreideamhachais. San eolaíocht is féidir an cathú a fheiceáil in 'eolaíochas' (a mhaíonn gur eolaíocht amháin ar féidir léi eolas iontaofa a sholáthar). Sa reiligiún faightear an cathú seo i 'litearthachas' (faillí i leibhéil dhifriúla céille laistigh de théacsanna reiligiúnacha) etc.
- Feidhmíonn eolaíocht agus diagacht araon as pobal fiosrúcháin atá tiomanta do thóir na fírinne óna bpeirspictíochtaí, a modheolaíochtaí agus a gcuspóirí áirithe. Tá gach pobal fiosrúcháin rialaithe ag críonnacht charnaithe an ama atá caite sa láithreach (traidisiún), a mbíonn próiseas na scagaireachta agus na forbartha á dhéanamh air i gcónaí. Is e an pobal seo an grúpa tagartha don scoláire etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x2 |

**3 J b) i. Tabhair breac-chuntas ar conas a baineadh úsáid as an téarma 'Dia na mBearnaí' sna díospóireachtaí faoin dúlra.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth an cumas idirdhealú a dhéanamh idir na fiontair eolaíocha agus reiligiúnacha trí bhreathnú go grinn ar conas a baintear úsáid as 'Dia na mBearnaí' ag tagairt don uair a ionsáitear Dia i gcúinsí nach léir go bhfuil aon mhíniú daonna ag baint leo, agus nuair a thugann an eolaíocht míniú ansin caithfear Dia a bhaint amach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- 'Dia na mBearnaí' i.e. gníomh Dé a aimsiú sna feiniméin sin den domhan nádúrtha nár éirigh leis an eolaíocht aon mhíniú sásúil a thabhairt orthu go fóill. Ionsánn an creideamh Dia i gcúinsí den saol a mbíonn an chuma orthu nach bhfuil aon mhíniú daonna ar fáil dóibh ag am áirithe. Tairgíonn an eolaíocht míniú ina dhiaidh sin agus caithfear Dia a bhaint amach. Bíonn ar reiligiún a bhíonn ag brath ar bhearnaí dá leithéid, cúlú ansin nuair a líonann míniú eolaíochta na bearnaí sa deireadh thiar etc.
- San am atá caite míníodh toirneach mar léiriú ar fhearg Dé agus anois is féidir le meitéareolaíocht míniú a thabhairt ar thoirneach etc.
- Theastaigh Dia ó chruinne Isaac Newton trí mheán na 'láimhe diagaigh' chun mionchoigeartú a dhéanamh ar fhithis na bplainéad. Diaidh ar ndiaidh brúdh amach ar fad 'Dia na mBearnaí' dá leithéid a bhí srianta do líonadh isteach na gcodanna sin den chruinne nach raibh míniú ann dóibh, de réir mar a d'éirigh na bearnaí níos lú agus níos lú etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20 |

**3 J b) ii. Deán cur síos ar na himpleachtaí atá ag íomhá amháin de Dhia a bhfuil staidéar déanta agat air don chaidreamh idir an reiligiún agus an eolaíocht.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth an cumas idirdhealú a dhéanamh idir na fiontair eolaíocha agus reiligiúnacha trí bhreathnú go grinn ar conas is féidir le tuiscint ar Dhia impleachtaí a bheith aici don chaidreamh idir an reiligiún agus an eolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá íomhá 'Dia na mBearnaí' tar éis mearbhall a chothú idir an eolaíocht agus an reiligiún. Leagann an mearbhall seo béim ar an ngá atá ann ómós a thabhairt do na cineálacha difriúla ceisteanna a mbíonn aghaidh á tabhairt ag an reiligiún agus ag an eolaíocht orthu etc.
- Íomhá Dé an cruthaitheoir & Darwin – Bhí an chuma ar a theoiric éabhlóide gur baineadh amach riachtanas Dé as próiseas chruthú na cruinne. Bhí an chuma ar an scéal gur chuir idé Darwin faoin roghnú nádúrtha in aghaidh an nóisin de ghrá, de cheartas agus d'atrua Dé. Thug teoiric Darwin ar an éabhlóid dúshlán léirmhíniú liteartha Gheineasas, etc.
- Is é íomhá Dé Karl Rahner gur comhláithreacht bhuan é Dia nó uileláithreacht Dé don domhan. Déanann sé an argóint aon uair a mbímid meabhrach orainn féin nó ar neacha eile ar domhan, go mbímid meabhrach freisin ar shlí dhiamhair, réamh-choincheapúil, ar an mistéir gan teorainn a thimpeallaíonn an domhan. Is é an luach atá ag an íomhá seo de Dhia nach gcuireann sé isteach ar fhorbairtí nó ar fhionachtain san eolaíocht, agus ag an am céanna ceadaíonn sé don reiligiún labhairt faoi láithreacht Dé ar domhan etc.
- Do Thomas Aquinas, tá Dia an-mhistéarach go deo. Ní féidir Dia a thuiscint ná ní féidir aithne a chur air. Is féidir eolas a chur ar an gcruthaitheoir ach ní chuireann sé isteach ar dhlíthe an nádúir. Feidhmíonn Dia 'taobh thiar' den chóras cúise agus éifeachta ag leibhéal nach bhfuil freagrach don chur síos fisiciúil. Cuidíonn sé seo leis an gcaidreamh idir an reiligiún agus an eolaíocht toisc go spreagann sé fionachtain eolaíoch agus machnamh urnaitheach etc. Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach– Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil de spriocanna, de chuspóirí agus de thorthaí á meas sa cheist mar atá leagtha síos sa chritéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise den scoth de ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith de ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith de ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise d'aidhmeanna, de chuspóirí agus de thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sa chritéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

*Scéim Mharcála 2010*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010*

***Oideachas Reiligiúnach, Obair Chúrsa – Gnáthleibhéal***

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH – OBAIR CHÚRSA**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe d'oideachas reiligiúin i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúin ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* - NCCA leathanach 142)

- Ceanglaítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon theideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folamha a sholáthraítear ag bun gach leathanach. Ní mór na grafaicí nó na híomhánna go léir a úsáideann an t-iarrthóir a dhéanamh nó a scanáil go díreach ar an leabhrán. Ach níor chóir dóibh leis an Leabhrán Obair Chúrsa nó a ghreamú de.

***Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010 - S95/08***

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal **amháin** as Roinn E **nó** ar theideal **amháin** as Roinn H.

## *ROINN E: REILIGIÚN AGUS INSCNE*

**E.1.** **◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An t-Ioslamachas ◆ An Giúdachas**

**Déan taighde ar an gceangal idir an tslí ina ndéanann daoine adhradh agus na róil a bhíonn ag fir agus mná i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála -*

Léireoidh cúrsa oibre den scoth eolas ar na róil a bhíonn ag fir agus mná i dtraidisiún reiligiúnach agus tuiscint ar thábhacht inscne don eispéireas reiligiúnach i sochaí an lae inniu trí anailís a dhéanamh agus tátail a bhaint as an nasc idir an tslí ina dtugann daoine ómós do dhia/tarchéimnitheach agus róil na bhfear agus na mban sa Bhúdachas nó sa Chríostaíocht nó sa Hiondúchas nó san Ioslamachas nó sa Ghiúdachas sa lá atá inniu ann.

**E.2.** ***Bhí Íosa radacach sa tslí ar chaith sé le mná.***

**Iniúchadh ar an bhfianaise atá ann don ráiteas seo agus tagairt ann do dhá theagmháil idir Íosa agus mná sna Soiscéil.**

*Critéir Mharcála -*

Léireoidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar theagmhálacha idir Íosa agus mná, mar a bhfuil cur síos orthu sna scrioptúir Chríostaí, trí iniúchadh a dhéanamh ar nádúr radacach an tslí inar chaith Íosa le mná agus trí fhianaise thacaíochta a chur ar fáil dá dtátail agus tagairt ann do dhá theagmháil idir Íosa agus mná a bhfuil cur síos orthu sna Soiscéil.

## *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA*

**H.1.** **Déan cás-staidéar faoi thionchar an Bhíobla ar phíosa saothair i gceann amháin de na réimsí seo a leanas: • Ealaín • Litríocht • Ceol**

*Critéir Mharcála -*

Léireoidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar an tslí ina raibh an Bíobla, agus ina bhfuil i gcónaí, ina théacs clasaiceach do shochaí an Iarthair, mar aon le cumas móitífeanna bíobalta san ealaín, sa litríocht nó i gceol a aithint trí anailís a dhéanamh ar thionchar an Bhíobla ar phíosa amháin ealaíne, litríochta nó ceoil.

**H.2.** **Deirtear faoin mBíobla gur leabharlann de shaghsanna difriúla leabhar é.**

- **Na Deich nAithne (Eaxodus 20:1-21)**
- **An Claochlú (Marcas: 9:2-13)**
- **Laoi Bhuíochais Hanná (1Samúéil 2:1-10)**
- **An tSeanmóir ar an Talamh Réidh (Lúcás 6:20-49)**
- **Iosrael Athbhunaithe (Íseáia 52:13 - 53:12)**
- **An Brollach (Eoin 1:1-18)**

**Fiosrú ar an tábhacht a bhaineann leis an seánra liteartha chun go bhfaigheadh creidmhigh tuiscint ar cheann amháin de na téacsanna bíobalta thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála -*

Léireoidh obair chúrsa den scoth eolas mionsonraithe ar théacsanna eochracha áirithe agus tuiscint ar thábhacht an seánra trí iniúchadh a dhéanamh ar cheann de na téacsanna bíobalta liostaithe sa teideal agus trí fhianaise thacaíochta a chur ar fáil do thátail a bhaintear maidir le tábhacht an tseánra liteartha do léirmhíniú agus d'fheidhmiú an téacs do chreidmhigh sa lá atá inniu ann.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| Marcanna | ***Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*** |
|---|---|
| 0 - 16 | Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise nó fíorbheagán fianaise ann ag tacú leis na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le teideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Ní léiríonn sé ach fianaise lag ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2010.<br>• Ní thugtar ach beagán eolais, má thugtar aon eolas, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh, agus léiríonn sé úsáid lag na scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Is beag fianaise a léiríonn sé, má léiríonn sé aon fhianaise, gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích. |
| 17 - 24 | Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar na torthaí ar iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2010, agus tá roinnt fianaise ann ag tacú leis na conclúidí a bhaintear.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta áirithe le teideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh, agus léiríonn sé fianaise éigin ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích. |
| 25 - 32 | Má tá an freagra maith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar fiúntach é.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta shoiléir le teideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh.<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar na torthaí ar iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2010, agus fianaise mhaith ag tacú leis na conclúidí a bhaintear. |
| 33 - 40 | Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar fíorfhiúntach é.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta shubstaintiúil le teideal dualgais roghnaithe 2010. |

- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2010.
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh. Léiríonn sé gleic shubstaintiúil le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích.
- Tugann sé achoimre iomlán ábhartha ar na torthaí an iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2010, agus fianaise shubstaintiúil ag tacú leis na conclúidí a bhaintear.

**Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh**

*Marcanna* — ***Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B***

0 - 16 — Má tá an freagra lag/réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar beagbhríoch é a thugann cúis/míniú ar an bhfáth ar roghnaíodh an teideal obair chúrsa nach mbaineann le hábhar nó nach bhfuil ach beagán bainte aige le teideal dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le teideal dualgais roghnaithe 2010. Ní thugann sé ach beagán cur síos, má tá aon chur síos ann, ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise lag ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2010.
- Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le taighde forleathan agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Gan mórán fianaise, má tá aon fhianaise ann, gur aithníodh na peirspictíochtaí éagsúla ná na ceisteanna a d'eascair agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á déanamh.
- Gan aon fhianaise nó gan ach beagán fianaise orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

17 - 24 — Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar breá é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta imleor le teideal dualgais roghnaithe 2010 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ann ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2010. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2010.
- Léiríonn sé gleic imleor le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse,

measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise éigin gur aithníodh na peirspictíochtaí éagsúla agus na ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Léiríonn sé fianaise áirithe orthu seo a leanas –
  – Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010
  – Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  – Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

25 - 32 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.
- Is saothar fiúntach é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta shoiléir le teideal dualgais roghnaithe 2010. Tugtar míniú ginearálta agus fianaise éigin ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2010. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé gur aithníodh go soiléir peirspictíochtaí éagsúla agus ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

33 - 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.

- Is saothar fíorfhiúntach é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta shubstaintiúil le teideal dualgais roghnaithe 2010. Tugtar míniú mionsonraithe agus fianaise shoiléir ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2010. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gleic shubstaintiúil le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé gur aithníodh go soiléir peirspictíochtaí difriúla agus ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.